2017. S. 23AT

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## Scrúdú an Teastais Shóisearaigh, 2017


**STAIR - GNÁTHLEIBHÉAL**

(**NÁ** cuir na leathanaigh seo isteach le do fhreagarleabhar.)

## FOINSÍ

### 1. PICTIÚIR

**PICTIÚR A**





**Foinse**: Léaráid ealaíontóra bunaithe ar chartún ón naoú haois déag.

**PICTIÚR B**




**Foinse**:
https://upload.wikimedia.org/wikipedia/commons/4/44/Michael_O'Leary_WWI_poster.jpg

**PICTIÚR C**




Foinse : https://stillslibrary.rte.ie/indexplus/image/3013/099.html

## 2. DOICIMÉID

### DOICIMÉAD 1

*Cuntas ar Jack agus Minnie Keenan as Béal Feirste.*

Innealtóir de chuid oifig an phoist ba ea Jack Keenan ar mhinic é ar glao-dhualgas ceithre huaire is fiche. Rinneadh duine draíochtach de nach mór de bharr a chuid uaireanta mírialta agus é a bheith as láthair ón mbaile. Ba dhuine barrúil é de réir na cuimhne a bhí ag Brenda air agus bhíodh sé de shíor ag ealaín agus ag insint scéalta grinn.

Is cuimhin le Elaine go raibh a hathair ciúin agus tostach sa bhaile. Ba mhinic a thug a chuid oibre Jack Keenan amach faoin tuath agus phiocadh sé suas ainmhithe de gach cineál mar ghráinneoga agus bhroic agus thugadh sé leis abhaile iad. Bhéiceadh Minnie, a bhean chéile, air na hainmhithe a thabhairt amach as an teach, ag rá leis nach zú a bhí ann.

Bhíodh Minnie ina hionadaí ceardchumainn sna muilte línéadaigh, ach d'éirigh sí as an obair ansin nuair a phós sí. Le linn an Dara Cogadh Domhanda, d'oibrigh sí i monarcha muinisean i dtuaisceart Shasana.

Sliocht as Anne Maguire, *For Brian's Sake* (Béal Feirste, 1991), lch 3.

### DOICIMÉAD 2

*An t-iarThaoiseach, Bertie Ahern, ag cur síos ar an tsuim a bhí ag Éireannaigh i muintir Uí Chinnéide, an chlann pholaitiúil Ghael-Mheiriceánach.*

Bhí mé sa bhunscoil nuair a bhí feachtas Uachtaránachta Mheiriceá ar siúl in 1960. Meas ar Éireannachas mhuintir Uí Chinnéide agus bua John F. Kennedy i dtoghchán na hUachtaránachta i gcoinne Richard M. Nixon, ba nithe iad sin a múineadh dúinn ar scoil agus ar labhair na múinteoirí fúthu.

Níor thugamar aon aird ar an mBreatain ag an am sin agus níor mhúin siad dúinn fúithi ar scoil. Go deimhin, níor luamar an Bhreatain ar scoil. Náisiúnaithe a bhí i bhformhór mo chuid múinteoirí. Mar sin, ba é an chéad eolas a fuair mé ar an domhan ná an t-eolas go raibh Pápa ann agus muintir Uí Chinnéide ann.

Is anseo a rugadh agus a tógadh mé. Chuaigh mé ar scoil díreach trasna an droichid, ag Scoil Naomh Pádraig, agus bhí mé i mo chónaí díreach céad slat suas an bóthar uaithi. D'fhéach mé ar John F. ag teacht anseo i mí an Mheithimh 1963, ó bharr na ráillí thuas an bóthar, agus bhí mé sa mheánscoil nuair a feallmharaíodh Bobby (Robert F. Kennedy) i bhfeachtas 1968. Is cuimhin liom go maith gur tháinig bráthair Críostaí isteach sa seomra ranga le hinsint dúinn gur feallmharaíodh Bobby.

Bunaithe ar https://www.emkinstitute.org/resources/bertie-ahern